# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 239/2022

## an 23 Meán Fómhair 2022

## lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/768]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2022/510 ón gCoimisiún an 29 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 297/95 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le táillí na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí a choigeartú don ráta boilscithe le héifeacht ón 1 Aibreán 2022 ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 15h (Rialachán (CE) Uimh. 297/95 ón gComhairle) de Chaibidil XIII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32022 R 0510**: Rialachán (AE) 2022/510 ón gCoimisiún an 29 Márta 2022 (IO L 103, 31.3.2022, lch. 3).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2022/510 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Kristján Andri STEFÁNSSON

---

([1]) IO L 103, 31.3.2022, lch. 3.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.